

BÁID

Ba mhó aca bád na sgioból.

An cuntas a thug Mrs Touhy ar a' mbád. Bád Sheáin Uí Bhroin, ní fhéadfadh sé an bád a thabhairt go hUirid agus ní fhágfadh sé i.

An Cathasac i Muighinis – fear déanta bád i Inis Daimh

Bhí saidhbhreas sa mbád.

Liam Ó Bric agus dreithearacha de muinntir mhic Floinn a bhíodh a sgéalaidheacht.

Mac an Bháird (cos maide) a bhíodh ag sgealaidheacht i nGleann na Muice. Is mó an caidreamh a bhí ag muinntir Conamara le Co an Clár ná le Condae Mhuigheo.

Ní raibh mórán de na tighthe móra i gConamara.

Im

Cardáil, }

Sníomh, dulbh }na mná

Dathú éadaigh}

Figheadóireacht,

Táilliúracht,

Gaibhneacht,

Deantóirí bad

Bád shiúinearaí

Saoir chloc,

Súinearaí.

Caoladóireacht,

Leigheasanna as iasgáin agus sleabhcán agus a leithidí.

An bochtanas a d'fhág an oiread sin sgéalta ar aistí sa talamh again. Ní hiongnadh ar bith go mbíodh braon le n'ól corr uair aca agus mar ar íocadar mál le Sasana air ce thógfadh ortha é.

Níor thug Conamara mórán sagart don eaglais – an bochtanas arís. D'fhág sin go minic go raibh sagart gan Gaedhilde aca ón nGalldacht

Buille mór don Ghaeilge bas Mhic Éil. Ní raibh an meas céadhna aca ar an nGaeilge ó shoin. Caitheadh an Teagasg Críostaidhe Gaeidhle as an teampull.

An Éasgaidheacht a mharbhuigh muid. Éasguidheacht a mharbhuigh an ghalldacht – an mhaith. Bhí lucht díolta earraidh gallda a bhrúgh chuile shórt ar dhaoine gan airgead síos.

An bhean a déanfadh stocaí d'éirigh sí as. An bhean a dhéanfadh leinteacha d'éirigh sí as.

An bhean a bhíodh a sníomh agus a chuirfeadh abhar go dtí an figheadóir le haghaidh breidín, d'éirigh sí as, bhí chuile shórt le fagháil ar cáirde aice. Sin é an chaoi ar mheath an saothrú faoin tuaith agus sin é an chaoi ar fágadh daoine aineolach agus mí stuamdha.

Tá an saoghal maithe ag imtheacht go deo agus ní feicfear arís é. Tá an litridheacht maithe ag imtheacht agus mara mhór- litridheacht í bhí binneas innte agus ceol agus is bhun í ar a fhásann mór-litridheacht.

Bhí an rialtas aith-riail agus an rialtas stáit gallda gan aon cheangal ach an láimh láidir idir iad agus na daoine. Bhí an eaglais ag eirighe gallda ó cuireadh Magh Nuadhat ar bun agus bhí sí gallda ar fad tar éis bás Mac Éil ach bhí eolas ag cuid de na sagairt ar an nGaedhilge.

Sé an t-iongnadh é gur mhair an Ghaedhilge agus an béaloideas agus an ceol chomh fada.

Marbhugheann an gléasadh nua oideachais gach rud den sean- chultúr. Nuair tosuigheadh ar ceol a mhúineadh, thosuigh an sean-cheol agus amhránaidheacht ag imtheacht as éadan. Níor thosuigh meath na Gaedhilge ceart nó gur cuireadh na sgoileanna ar bun agus is measa a meath ná ariamh ó tosuigheadh a' múineadh 40 bliain o shoin. Sé an leigheas atá ar an sgéal an Gaeghilge a mhúineadh mar ta sí ag na daoine agus na hamhráin a mhúineadh mar tá siad.

Na neithe atá ag imtheacht leis an sean saoghal an cuimhne i gcúrsaí oideachas.

- (1) Litridheacht béil a fheileas do dhaoine a chaitheann a saoghal a pleidhe le dócamhal na fairrge agus na talmhan agus le cruadhóg oibre nach dual dóibh.
- (2) Géire intinne ach a bhfuil súil aca i litridheacht so thuigthe ceolmhar.
- (3) Litridheacht diadhanta agus bhfuirm filideachta.
- (4) Ceolta beaga a fheileas don amhránaidheacht agus don bhfeidhlin don pháib agus an fhideog.
- (5) Sgéalaidheacht.

Tá mar cúig saigheasanna fóghluim ag imtheacht leis an sean saoghal agus inéinfeacht leo

Tá ceárdanna maithe ag imtheacht roimh an saoghal nua.

Má mhaireann an saoghal maithe chor ar bith cén sort daoine maithe a bhéas ann?

Gan dán gan ceol gan duan diadha, gan sgéal, ach mar a chloisfidh iad on gcraolachán.

Sean Saoghal – Sean racht.

Saoghal briste an chuid is mó den am le trí chéad bliain.

Dfhoghain an fharraige ortha nuair a bhí tráchtáil thar fairige coisgthe. Bhí an fharraige mhór i mbéal doruis acab agus cuanta fada caola acaibh a bhí doicheallach roimh soithigh an ríogh. Bhi saortha báid acab nár sáruigheadh a rinne na sliúpanna dóibh, agus bhí

tighearna talmhan dá silse do Shasana iad, a bhí réidh le rud ar bith cheannacht saor. D'éirigh leis na smuiglearaí ar feadh sgathaimh fada.

Ní bhíonn ach seal ag gach uile chineál maoine. bhí an capall ina ughdar saidhbhris o thús an domhain go dtí n-ar aimsir féin. Bhí se fada ag an iasgach liabhán gur cuireadh an ola tobair ar faghail. Bhí an t-iasgach sgadán go maith go dtáinig an bád gaile agus gur ghannimh lucht ithte éisg i nÉirinn. Creidim nach raibh an saoghal go dona chor ar bith i gConamara sa seanracht. Bhí daoine sligheamhla ann a rabh dul an cinn ionnta.

Bhí máirnéalaigh ann a thugadh an Fhrainnc is an Spáinn isteach ina gcúrsaí agus a shaothruigh saidhbhreas mór leis an tráchtáil le iasgach liabhán. Bhí ceannuidhthe ann a chruinnigh maoín mór agus a bhí comh laidir i nGaillimh leis na Gaill. Bhí ceárdaithe, figheadóirí, gréasuithe, siúinéaraí, saortha báid agus gaibhneacha.

Bhí an saoghal chomh maith agus daoine comh acmhuinneacht de bharr na fairrge go mbeadh spailpíní dul siar chucu go hlorrus Aithneach agus go hlorrus Mór ar an achréidh le obair na talmhan a dhéanamh, bhí na fir chomh cruadógach le obair fairrge. Bhí a gcuid ban ar fheabhas ar fad, ag sníomhachán ag deanamh eangacha do hiasgairí, ag fuagháil ag cniotáil, a gcuid lín féin acab.